**POST BAINISTEOIR FAOI OILIÚINT SA CHRANNÓG**

**Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

Tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta, ag lorg Bainisteora Faoi Oiliúint le dul i mbun oibre leis an eagraíocht ar feadh tréimhse dhá bhliain.

Beidh an Bainisteoir Faoi Oiliúint ag díriú ar thionscadail ar leith atá mar chuid de chlár oibre agus de phlean forbartha an Chomharchumainn. Gheobhaidh an té a cheapfar taithí phraiticiúil ar thograí a bhainistiú, a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích, agus cuirfear ar a gcumas scileanna bainistíochta agus forbartha pobail a fhorbairt le bheith in ann feidhmiú mar bhainisteoir ar eagraíocht forbartha amach anseo.

Cuirfidh Bainisteoir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair treoir agus comhairle ar fáil don té a cheapfar ó lá go lá, agus beidh teagmháil rialta le feidhmeannach ón Údarás maidir le dul chun cinn na hoibre. Beidh ar an Bhainisteoir Faoi Oiliúint freastal ar chúrsaí oiliúna le linn na tréimhse fostaíochta.

Ní mór ardchaighdeán Gaeilge a bheith ag an iarrthóir rathúil.

Tuarastal: €36,450 – €40,000 in aghaidh na bliana (ag brath ar thaithí).

**Iarratais:**
Seol CV agus litir iarratais chuig: cfgdemma@gmail.com

**Eolas breise:**
Emma Mhic Aoidh ar 07495 32208

**Beidh na tréithe seo a leanas de dhíth ar an té a cheapfar:**

**Riachtanach (Essential)**

- Cumas cruthaithe obair a phleanáil, a eagrú agus a chur in ord tosaíochta, agus spriocdhátaí a bhainistiú go héifeachtach.
- Ábalta obair a dhéanamh go neamhspleách, gan mhaoirseacht leanúnach, agus obair fhoirne a dhéanamh nuair is cuí.
- Scileanna cumarsáide láidre, idir labhairt agus scríobh, i nGaeilge agus i mBéarla, atá oiriúnach do thimpeallacht ghairmiúil.
- Toilteanach agus ábalta treoir, meantóireacht agus aiseolas a ghlacadh, agus an fhoghlaim sin a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre.

- Bheith spreagtha agus tiomantais, le spéis shoiléir i bhforbairt scileanna bainistíochta agus forbartha pobail.
- Solúbthacht agus cumas oiriúnú do riachtanais athraitheacha na heagraíochta agus tionscadal éagsúla.
-

Inmhianaithe (Desirable)

- Spéis nó taithí i bhforbairt pobail, forbairt eacnamaíochta, nó bainistiú tionscadal.
- Taithí nó tuigmhéail ar obair i dtimpeallacht Ghaeltachta nó trí mheán na Gaeilge.

Bheadh an té a cheapfar ag plé le cuid mhór gnéithe de ghnáth obair an Chomharchumainn ach bheadh siad ag díriú go sonrach ar thograí forbartha áirithe, msh.

- tograí turasóireacht; Teach Mhuiris, plean Fáilte Ireland
- tograí leanúnacha na Crannóige; An Teach Glas, Siopa Seoda
- tograí timpeallachta éagsúla m/sh Togra Saol ar an Mhachaire, Clean Coasts
- tograí oidhreachta; Féilte, Seomra Staire na Crannóige